

Seal fada d'aimsir fhuar

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin seal fada d'aimsir fhuar atá romhainn. Sula bhféachfaidh tú ar an mhír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat an leagan Gaeilge de na focail Bhéarla seo a aimsiú?

1. predicting
2. in the east of the country
3. ten inches of snow
4. below freezing point
5. salt and coarse sand
6. a warning
7. train services
8. air travel matters
9. driving conditions
10. in length
11. thaw
12. cancelled

Ceist 2

Anois, féachaigí ar an mhír – an raibh an ceart agaibh i gceist 1 thuas?

Ceist 3

Anois féach ar an tuairisc don dara huair. An féidir leat freagraí na gceisteanna seo a aimsiú? Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat nuair a bheidh siad déanta agat.

1. Cén cineál aimsire a deir Met Éireann a bheidh againn don chéad dhá lá eile?
2. Cén foláireamh a tugadh do thiománaithe?
3. Cad a dúradh sa mhír faoin bhóthar N17?
4. Cad iad na haerfoirt a luadh sa mhír agus cén fáth?
5. Ar úsáideadh stoc iomlán salainn an Gheimhridh sa Tuaisceart cheana féin?

Ceist 4

'...déach n-orlaí...'


Tá leaganacha faoi leith ag na hainmfhocail seo thíos nuair a chuirtear i ndiaidh na n-uimhreacha iad. Líon na bearnaí sa bhosca chun na leaganacha sin a léiriú.

	1	2	3-6	7-10
bliain				
uair				
troigh				
ceann				
orlach				
seachtain				

Ceist 5

‘... oirthear na tíre...’ agus ‘... cósta thiar...’

(a) Líon na bearnaí sa léarscáil.



(b) Féach ar an sampla agus ansin líon na bearnaí sna habairtí.

Tá Pól ina chónaí san oirthear, i mBaile Átha Cliath. Tá sé ag dul siar go dtí an Ghailimh ag an deireadh seachtaine. Nuair atá sé thiar, ba mhaith leis am a chaitheamh ar an chósta thiar agus radhairc an iarthair a fheiceáil.

Tá Póilín ina _____ san _____, sa Ghailimh. Tá sí ag dul _____ go Baile Átha Cliath ag an deireadh seachtaine. Nuair atá sí _____ ba mhaith léi am a chaitheamh ar an chósta _____ agus radhairc _____ a fheiceáil.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An maith leat an sneachta. Cén fáth?

Cén baol is mó a bhaineann leis an aimsir fhuar don tsochaí, dar leat?

Conas mar a bhí an geimhreadh seo caite? An raibh droch-aimsir againn?

Treoracha agus freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1. predicting – *ag tuar*
2. in the east of the country – *in oirthear na tíre*
3. ten inches of snow – *deich n-orlaí sneachta*
4. below freezing point – *faoi bhun an reophointe*
5. salt and coarse sand – *salann agus gaineamh garbh*
6. a warning – *foláireamh*
7. train services – *seirbhísí traenach*
8. air travel matters – *cúrsaí aerthaistil*
9. driving conditions – *coinníollacha tiomána*
10. in length – *ar fhad*
11. thaw – *coscairt*
12. cancelled – *curtha ar ceal*

Ceist 3

1. Tá Met Éireann ag tuar go dtitfidh go leor sneachta in oirthear na tíre as seo go ceann dhá lá. Tuairiscítear go bhféadfadh deich n-orlaí sneachta titim agus go dtitfidh an teocht deich gcéim faoi bhun an reophointe anocht.
2. Cé go bhfuil salann agus gaineamh garbh scaipthe ar phríomh-bhóithre, tá foláireamh tugtha do thiománaithe a bheith fíor-chúramach.
3. Bhí scuainí na mílte ar fhad ar an N17, idir Gaillimh agus Tuaim.
4. Bhí Aerfort Bhéal Feirste ag feidhmiú mar is gnách, ach cuireadh roinnt eitiltí ar ceal ag Aerfort Dhún na nGall agus Dhoire.
5. Níor úsáideadh an t-íomlán ach úsáideadh an séú cuid de.

Ceist 4

	1	2	3-6	7-10
bliain	bliain amháin	dhá bhliain	trí bliana	seacht mbliana
uair	uair amháin	dhá uair	trí huair	seacht n-uair
troigh	troigh amháin	dhá throigh	trí troithe	seacht dtroithe
ceann	ceann amháin	dhá cheann	trí cinn	seacht gcinn
orlach	orlach amháin	dhá orlach	trí horlaí	seacht n-orlaí
seachtain	seachtain amháin	dhá sheachtain	trí seachtaine	seacht seachtaine

Ceist 5

(a)



- (b) Tá Póilín ina **cónaí** san **iarthar**, sa Ghailimh. Tá sí ag dul **soir** go Baile Átha Cliath ag an deireadh seachtaine. Nuair atá sí **thoir** ba mhaith léi am a chaitheamh ar an chósta **thoir** agus radhairc **an oirthir** a fheiceáil.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Tá **Met Éireann** ag tuar go dtitfidh go leor sneachta in oirthear na tíre as seo go ceann dhá lá. Tuairiscítear go bhféadfadh deich n-orlaí sneachta titim agus go dtitfidh an teocht deich gcéim faoi bhun an reophointe anocht. Cúige Laighean, is cosúil, is measa a bheas buailte. Cé go bhfuil salann agus gaineamh garbh scaipthe ar phríomh-bhóithre, tá foláireamh tugtha do thiománaithe a bheith fíor-chúramach. Go dtí seo níor cuireadh as do sheirbhísí traenach nó do chúrsaí aerthaistil.

Áine Ní Ghallchóir

Seo mar a thosaigh an lá do go leor tiománaithe inniu agus níos deacra a d'éirigh sé. Bhí coinníollacha tiomána go holc i go leor áiteannaⁱ. Bhí scuainí na mílte ar fhad ar an N17 mar shampla, idir Gaillimh agus Tuaim. B'éigean do na héanacha cur suas leis an fhuacht fosta. Thit an teocht in áiteanna go dtí os cionn naoi gcéim faoin reophointe agus gan coscairt ann inniu. Bhí Aerfort (Idirnáisiúnta) Bhéal Feirste ag feidhmiú mar is gnách ach cuireadh roinnt eitiltí ar ceal ag Aerfort Dhún na nGall agus Dhoire. Bhí suas le céad scoil sna Sé Chontae dúnta, tuilleadh dúnta i gContae Dhún na nGall agus ar an Chósta Thiar. Tá tuilleadh sneachta geallta anocht agus deirtear go mbeidh oícheanta amach romhainn níos fuaire fós. Moltar do dhaoine gan taisteal mura bhfuil gá leis. Tá ullmhúchán sa siúlⁱⁱ tráthnóna chun salann a scaipeadh ar bhóithre na tíre anocht, ach cheana féin sa Tuaisceart tá seisiú cuid de stoc salainn an Gheimhridh ar fad úsáidte le cúpla lá anuas. Áine Ní Ghallchóir, i mBéal Feirste.

Baineann na focail a bhfuil líne fúthu le canúint Uladh. **Na héin agus **séú** atá ceart ó thaobh an chaighdeáin de.*

ⁱ áiteacha a deirtear

ⁱⁱ sa tsiúl a deirtear